



## Preaseisiúint

Lucsamburg, 14 Márta 2022

# Iniúchóirí an Aontais chun tacaíocht an Aontais a sheiceáil d'oibrithe le linn na paidéime

Nuair a bhuail paidéim COVID-19 in 2020, thug na Ballstáit scéimeanna isteach chun tacú le hoibrithe a raibh a slite beatha a dhíchobhsaithe trí earnálacha éagsúla de gheilleagar an Aontais a dhúnadh ar mhórsála. Chuir an tAontas a thacaíocht féin ar fáil chun tacú leis na bearta sin i bhfoirm ionstraim SURE - tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála. Leis an scéim sin, bhí an tAontas in ann iasachtaí suas le luach €100 billiún a sholáthar chun tacú le scéimeanna na mBallstát féin a bhí dírithe ar thacú le hoibrithe a raibh a n-ioncam i mbaol mar gheall ar an bpaidéim. Tá iniúchóireacht á hullmhú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun cinneadh a dhéanamh ar fhreagair an Coimisiún Eorpach go héifeachtach ar an riosca dífhostaíochta a bhaineann leis an bpaidéim san Aontas tríd an ionstraim SURE.

Ceapadh ionstraim SURE agus cuireadh chun feidhme í mar fhreagairt ar an ngéarchéim COVID-19 atá fós ag titim amach. Dearadh í mar chomhlánú ar scéimeanna caomhnaithe fostaíochta na mBallstát féin idir obair ghearr-ama traidisiúnta agus scéimeanna fóirdheontais pá d'oibrithe agus scéimeanna nua tacaíochta ioncaim do dhaoine féinfhostaithe. Is féidir le SURE tacú le roinnt beart eile a bhaineann le sláinte freisin. Is mór an fhorbairt atá déanta ag ionstraim SURE maidir leis an gcaoi a mhaoinítear cistiú an Aontais, toisc go bhfuil sé maoinithe trí iasachtaí a thiomsaigh an Coimisiún Eorpach ar na margaí caipitil. Cuireadh na cistí sin ar fáil do na 19 mBallstát atá rannpháirteach san ionstraim lena n-úsáid ina scéimeanna freagartha náisiúnta COVID-19. Chun dlúthpháirtíocht a léiriú áfach, chomhaontaigh gach ceann de na 27 mBallstát na hiasachtaí a ráthú go comhpháirteach. I gcás nach ndéanann Ballstát na hiasachtaí a aisíoc amach anseo, is féidir le gach ceann de na Ballstáit eile a chur faoi dliteanas go comhpháirteach i leith 25 % de mhéid iomlán na hiasachta i gcomhréir lena rathúnas coibhneasta. Rathaítear an chuid eile le buiséad an Aontais.

*“Molann na meastacháin is déanaí go bhfuair thart ar 31 milliún duine agus 2.5 milliún cuideachta tacaíocht faoi ionstraim SURE in 2020,” a dúirt Iliana Ivanova, an chomhalta CIE a bheidh i gceannas ar an iniúchadh. “Íocadh amach €90 billiún cheana féin. Is tacaíocht ollmhór é sin ón Aontas. Ba mhaith linn a fhiosrú an raibh freagairt an Choimisiúin Eorpaigh éifeachtach agus é mar aidhm aige cabhrú le hoibrithe agus le gnólachtaí a bhí buailte ag géarchéimeanna poist a choinneáil slán. Cabhróidh na conclúidí agus na moltaí inár dtuarascáil iniúchóireachta leis an Aontas ceachtanna a fhoghlaim le haghaidh scéimeanna comhchosúla má tharlaíonn géarchéim ar an scála sin arís.”*

*Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí an réamhléiriú iniúchta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an réamhléiriú iniúchta ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

Déanfaidh na hiniúcháirí measúnú féachaint an raibh gníomhaíochtaí an Choimisiúin tráthúil agus iomchuí agus féachaint ar fhorbair an Coimisiún creat láidir maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na hionstraime.

### **Faisnéis chúlra**

Is ionstraim shealadach í ionstraim SURE arb é is aidhm dí tacú le freagrachtaí na mBallstát féin ar thionchar na géarchéime COVID-19 maidir le dífhostaíocht. Faoi dheireadh mhí Eanáir 2022, bhí beagnach €95 milliún i dtacaíocht airgeadais formheasta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh faoin scéim agus eisíocadh €90 billiún den tacaíocht sin cheana féin.

Tá léiriú iniúchta bunaithe ar obair ullmhúcháin a dhéantar sula gcuirtear tús le cúram iniúcháireachta. Ní cheart iad a mheas mar bharúlacha, conclúidí ná moltaí iniúcháireachta. Tá Réamhléiriú iniúchta 01/2022, *“Tacú le Rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE)”* ar fáil i mBéarla ar an [suíomh gréasáin CIE](#).

### **Teagmháil phreasa**

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) - T: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - T: (+352) 621 552 224